

Aighneacht Gaeloideachas ar Chairt Custaiméara agus Plean Gnímh 2019- 2022, CNOS

Deireadh Fómhair 2018

Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid Oifig an CNOS mar fhreagairt do chuireadh ar aighneachta mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an **Chairt Custaiméara agus Plean Gnímh 2019-2022**.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis ionchur a bheith acu sa phróiseas, agus ach go háirithe mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Ról an CNOS agus an tOideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is é an CNOS an foras aitheanta le freastal ar sholáthar tacaíochtaí do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise orthu agus tá ról acu in aithint agus soláthar oiliúna. Cé go n-aithnítear an cúram tábhachtach agus uileghabhálach atá ag an CNOS, tá Bord Stiúrtha Gaeloideachas go mór in amhras faoi chumas an CNOS tacaíochtaí agus oiliúint chúí a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus a gcuid pobail muna bhfuil saineolas ar bhord an CNOS ar riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge. Tá géarghá le guth na hearnála lán-Ghaeilge ar bhord an CNOS toisc na sainoibre agus an sainróil atá aige freastal ar scoláirí a bhfuil RSO ag gabháil dóibh. Tá ról lárnach ag an CNOS i gcur le chéile tacaíochtaí, seirbhísí agus oiliúna don earnáil oideachais agus is tríd ionadaíocht ar an mbord céanna go ndéanfaí cinnte go bhfuil sainriachtanais na hearnála lán-Ghaeilge tógtha san áireamh. Cuimsíonn an earnáil lán-Ghaeilge scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta, ag an mbun agus ag an meánleibhéal.

Molann Gaeloideachas:-

Molann Gaeloideachas go dtabharfaí aitheantas don ról lárnach atá ag an earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gcur chun cinn na saintacaíochtaí atá de dhíth le freastal ar pháistí le riachtanais bhreise. Dá réir, tá sé den riachtanas go mbeadh ionadaíocht ag an earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar an gComhairle sa chéad ceapachán eile den Chomhairle nua.

Treoir Córasach ón Stát maidir le RSO agus an scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Aithnítear go bhfuil borradh tar éis teacht ar réimse riachtanais speisialta oideachais le blianta anuas go ginearálta sa chóras oideachais agus tá an fás seo scáthaithe san earnáil lán-Ghaeilge, faoi mar atá le feiceáil i dtaighde Barrett (2016). Feictear, mar shampla, i réimse an uathachais amháin go bhfuil méadú suntasach tar éis teacht ar líon na bpáistí san earnáil lán-Ghaeilge, le fás ó 3% de pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge le huathachas in 2008 (Nic Gabhann) go 13% in 2016 (Barrett). Tá scoileanna lán-Ghaeilge anois ag oscailt ranganna speisialta le freastal orthu siúd a bhfuil uathachas orthu, toisc éileamh áitiúil dá leithéid. Tacaíonn an taighde leis nach bac í an teanga don fhoghlaiméoir le riachtanais bhreise, ach gurb é tacaíochtaí cuí a bheith ar fáil don pháiste is mó a chabhróidh leis an bpáiste a mianach a bhaint amach. In ainneoin go bhfuil éileamh méadaitheach ar sheirbhísí le freastal ar uathachas sa scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, níl aon treoir ar fáil faoi seo ón Stát agus tá príomhoidí fágtha sa suíomh go bhfuil siad ag feidhmiú de réir a cuid tuisceana atá forbartha acu, i gcomhar le SENO, ach SENO tuisceanach agus eolach ar an oideachas lán-Ghaeilge a bheith acu.

Molann Gaeloideachas:-

1. Ní mór go mbeadh gach scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag feidhmiú go córasach, de réir treoir shoiléir thacúil ón Stát, a thiocfadh ón CNOS anuas.
2. Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí dhúchais Gaeilge le gur féidir leo, a dtuismitheoirí agus an scoilphobal, cúram a fháil i nGaeilge agus nach gcuirfear le míbhuntáiste an pháiste trí chúram i mBéarla a amháin a thairiscint don pháiste.
3. Ní mór bunoiúint a bheith ag gach teiripeoir agus síceolaí ar an ilteangachais, ar shaintréithe an chórais oideachais lán-Ghaeilge agus ar na tacaíochtaí agus infreastruchtúr atá ag teastáil don pháiste le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.

Scéim Phíolótach an CNOS i dtaobh seirbhísí Urlabhra agus Teanga

Molann Gaeloideachas an CNOS as an tseirbhís atá á fhorbairt i leith seirbhísí Urlabhra agus Teanga sna bunscoileanna uile. Tá áfach an-mhíshástacht ann i measc tuismitheoirí Gaeltachta nár cuireadh scoileanna Gaeltachta san áireamh sa scéim. Tá tuismitheoirí ag lorg soiléirithe ar cén fáth ar fágadh na scoileanna sin ar lár as an scéim píolótach, scéim a thabharfadh tuiscint níos doimhne don CNOS ar chastachtaí, dúshláin agus riachtanais na scoileanna Gaeltachta maidir le seirbhísí urlabhra agus teanga. Níl aon scoil Ghaeltachta páirteach sa scéim píolótach a fhreastalaíonn ar pháiste le bacanna teanga ardleibhéil. Bíonn ar na páistí sin teacht amach as an scoil Ghaeltachta agus freastal ar sheirbhísí phríobháideacha sna cathracha nó eile – agus iad ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin go hiondúil. Tá fáilí iomlán á dhéanamh ar an bpáiste atá á thógáil le Gaeilge bunsheirbhísí tacaíochta a fháil ina dteanga baile. Tá failí déanta freisin ar gach páiste le riachtanais speisialta sa scoil Ghaeltachta mar nár tógadh a gcuid riachtanais san áireamh agus an scéim píolótach á forbairt agus á feidhmiú.

Molann Gaeloideachas:

Go dtógfear scoileanna Gaeltachta san áireamh sa scéim píolótach reatha (mar thogra úr) agus i scéimeanna píolótacha de chuid na Roinne nó na CNOS go ginearálta mar a bhaineann le seirbhísí tacaíochta don Oideachas Speisialta ar bhonn práinne agus tosaíochta.

Foilseacháin agus Treoircháipéisí an CNOS

Tá raon leathan cuimsitheach foilseacháin ag an CNOS gur scoth-cháipéisí iad a leagann amach na riachtanais atá ann d'fhorbairt seirbhísí agus an leibhéal tacaíochta do pháistí le riachtanais speisialta. Bíodh is go bhfuil sé intuigthe go mbaineann na seirbhísí le gach páiste san earnáil bhunoideachais agus iar-bhunoideachais, tá easnamh an-mhór ann maidir le treoircháipéisí a chur ar fáil a mhíneodh ról, cur chuige agus tacaíochtaí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta le déileáil go dearfach le páistí le RSO.

Molann Gaeloideachas:-

Aithníonn Gaeloideachas go bhfuil treoir shoiléir, chomhordaithe agus cuimsitheach ar na saincheistean seo a leanas ag teastáil agus molaimid don CNOS iad a thógáil san áireamh sa phleanáil chun cinn:

1. RSO sa chóras tumoideachais (ag tógáil san áireamh an Ghaeilge mar chéad teanga an pháiste agus mar theanga fhoghlama an pháiste),
2. Páistí le deacrachtaí sainaitheanta (íosmhinicíocht agus ardmhinicíocht),
3. Ag múineadh daltaí le ASD sa Ghaelscoil, agus i Scoil Ghaeltachta
4. Straitéisí ginearálta don tacaíocht foghlama sa Ghaelscoil, agus sa Scoil Ghaeltachta
5. Measúnú ar pháistí sa chóras Gaelscolaíochta, agus i Scoileanna Gaeltachta
6. Bunú Aonad Léitheoireachta trí mheán na Gaeilge, agus
7. Bunú Aonad ASD trí mheán na Gaeilge.

Bunachar Eolais don Phobal

Níl aon lár-ionad eolais ina bhfuil eolas cuimsitheach ar fáil do thuismitheoirí, múinteoirí, taighdeoirí agus an pobal faoin earnáil. Molann Gaeloideachas dá réir:-

1. Go bhforbrófaí lár ionad eolais ina leagfaí amach na seirbhísí tacaíochta comhordaithe atá ar fáil ó na heagrais faoi seach chun baill an phobail a threorú go cuí.
2. Go bhforbrófar bunachar sonraí de shíceolaithe agus saineolaithe cáilithe sa ghairm atá inniúil ar riachtanais RSO na bpáistí sa chóras lán-Ghaeilge/ agus a bhfuil tuiscint acu ar an gcóras tumoideachais agus insealbhú teanga sa suíomh dátheangach/ ilteangach (más cuí, agus le cead NEPS, srl.)
3. Go sonraítear i bhfoilseacháin de chuid na Comhairle feiniméan an pháiste le riachtanais speisialta oideachais (RSO) sa scoil lán-Ghaeilge. Eascraíonn an moladh seo as fiosrúcháin rialta ó thuismitheoirí a dteastaíonn uathu a bpáistí a chur go scoil lán-Ghaeilge nó thuismitheoirí le páistí sa chóras cheana agus a bhfuil treoir de dhíth orthu faoi conas mar a phléann an córas lán-Ghaeilge le riachtanais an pháiste.
4. Go bhforbrófaí treoirlínte do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi conas déileáil go dearfach le páistí le RSO.
5. Go bhforbrófaí treoirlínte d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi conas déileáil go dearfach le páistí le RSO, a chabhróidh leis an aistriú ón mbunscoil lán-Ghaeilge.
6. Go bhforbrófaí treoirlínte do thuismitheoirí ag an dá leibhéal faoi seach faoi conas déileáil go dearfach lena bpáistí le RSO, mar thacaíocht don chóras oideachais foirmeálta.

7. Go dtabharfaí faoi iniúchadh ar raon na seirbhísí agus na gcleachtóirí atá ar fáil agus inniúil chun déileáil le páistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.
8. Go n-aontaítear agus go bhfeidhmítear polasaí soiléir amháin a bheidh á chraobhscaoileadh faoi pháistí le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.
9. Go mbeadh eolas faoi pháistí san earnáil gaelscolaíochta le riachtanais speisialta tógtha san áireamh i bhfoilseacháin ginearálta an eagrais agus ar shuíomh gréasáin na CNOS. Chuirfeadh sé seo go mór le muintín na scoileanna agus na dtuismitheoirí i dtaobh seirbhísí tacaíochta sa scoil lán-Ghaeilge agus d'ardódh sé go mór próifíl an CNOS i measc na scoileanna lán-Ghaeilge agus a gcuid pobail.

Sainról Taighde an CNOS

Le daonra de os cionn 50,000 páiste sa chóras lán-Ghaeilge, tá páistí le RSO de chineálacha éagsúla go forleathan tríd na scoileanna lán-Ghaeilge, agus an líon ag dul i méid (staitisticí Gaeloideachas.). Fáiltítear go mór rompu agus cuirtear gach tacaíocht ar fáil dóibh, a oiread agus is féidir. Léiríonn taithí na scoileanna go n-éiríonn chomh maith le páistí le RSO i scoileanna lán-Ghaeilge is a n-éiríonn leo i scoileanna lán-Bhéarla ach go mbíonn buntáiste an dátheangachais acu, buntáiste a cheiltear go han-mhínic ar pháistí le RSO i scoileanna Béarla.

Molann Gaeloideachas:-

1. Go mbeadh ceist an oideachais lán-Ghaeilge á chlúdach i gclár taighde de chuid an CNOS agus moltar aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin.
2. Ní mór don CNOS tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO.
3. Ní mór tosaíocht a thabhairt do thaighde dhúchasach ar an gceist agus fianaise eolaíoch a bheith ar fáil do thuismitheoirí ina leith.
4. I gcomhthéacs na gaelscoile, agus na scoile Gaeltachta más í an Ghaeilge teanga baile an pháiste, ní mór go gcinnteofaí go mbeadh seirbhísí urlabhra agus teanga ar fáil i nGaeilge.
5. Maidir le páistí atá á dtógáil le Béarla ach atá ag freastal ar an scoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta, an rud is tábhachtaí go bhfuil tuiscint ag na seirbhísí tacaíochta ar an gcóras lán-Ghaeilge / tumoideachas agus go bhfuil na tacaíochtaí in oiriúint don chóras tumoideachas.

Seirbhísí na CNOS i nGaeilge do scoileanna agus don earnáil trí chéile

In ainneoin go leagtar amach sa Chairt Custaiméara reatha de chuid na CNOS:-

We will ensure that people who wish to conduct their business through Irish are facilitated, and we will respond in Irish to correspondence received in Irish.

We will respond in Irish, to telephone callers who wish to speak in Irish, immediately where possible, or offer to have the call returned promptly by a member of staff who can deal with the query in Irish.

ní thagann taithí Gaeloideachas, ná go deimhin na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta leis an taithí seo. Ní heol don earnáil go bhfuil d'acmhainn ag an CNOS aon seirbhís a chur ar fáil as Gaeilge. Ba mhór agam soiléiriú ar seo le do thoil má tá míthuiscint orm agus déanfar é a shoiléiriú do na scoileanna leis.

Foirmeacha na CNOS i nGaeilge

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá gearáin faighte againn ó scoileanna nach bhfuil leaganacha Gaeilge den fhoirm nua do pháistí ag atá lorg teicneolaíocht chúnta agus go bhfuil roinnt SENOS ag cur brú ar scoileanna lán-Ghaeilge an leagan Béarla den fhoirm a líonadh mar go bhfuil leagan nua ann ach NACH ann don leagan Gaeilge. Nuair a dhiúltaigh na scoileanna leagan Béarla a líonadh, sé an freagra a tháinig ná go mbaineann an t-athrú seo le GDPR agus go mbeadh orthu an leagan Béarla a líonadh. Is léir go bhfuil míthuiscint ar na SENOS lena mbaineann. Is léir nach bhfuil an fhoirm seo a leanas ar fáil ach an oiread as Gaeilge 'School Attendance confirmation form 2018-2019'.

Molann Gaeloideachas:-

Ar bhonn cearta, gairmiúlachta agus cuirtéise go gcinnteofaí go bhfuil an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla agus go gcuirfí ina luí ar na SENOs gur trí Ghaeilge a dhéanann scoileanna a gcuid cumarsáide le soláthreoirí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Focal scor

Molann Gaeloideachas obair na Comhairle I bhforbairt tacaíochtaí do pháistí le Riachtanais Speisialta Oideachais ar bhonn ginearálta. Tá áfach, mar atá léirithe thuas, an-chuid míthuiscintí agus easnaimh ann maidir le céard iad na buntacaíochtaí atá ag teastáil ón bpáiste le Gaeilge ó dhúchas agus ón bpáiste le Béarla ó dhúchas chun an leas is fearr a bhaint as an gcóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá deimhniú faighte againn maidir le cruinniú atá á lorg againn le tamall le Príomhfheidhmeannach na CNOS agus táimid ag súil go mór leis an deis na saincheisteanna móra thuas a phlé libh go luath.

Le meas,

Bláthnaid ní Ghréacháin

Ardfheidhmeannach, Gaeloideachas

Deireadh Fómhair 2018